GX1253

Ollscoil na hÉireann,Gaillimh.

Scrúdaithe an tSamhraidh 2000
Scrúdú B.A. Stair.

HI362. Páirtithe agus an chumhacht i bpolaitíocht na Breataine san naoú haois déag agus sa bhfichiú haois luath.

Seán Ó Dufaigh.
M.A.G. Ó Tuathaigh.

Freagair trí cheist. Am ar fáil: Dhá uair a chloig.

1. Cén mór-athrú polaitiúil a chuir Acht Leasaithe na bliana 1832 i gcrích, agus cé is mó a bhain tairbhe as an athrú sin ?

nó

"An beart a rinne Grey agus a chomhleacaithe ná comhghuallaíocht pholaitiúil an-daingean a shnaidhmeadh, idir aicmí ceannais na talún agus na tionsclaíochta ; comhghuallaíocht a sheas an fód ar feadh na mblianta in éadan dhúshlán fórsaí an dhaonlathais" (E.J.Evans). Do bharúil faoi seo.

2. "Idir 1834 agus 1841 tháinig dhá mhór-pháirtí polaitiúla chun cinn, fréamhaithe sna conspóidí creidimh agus bunreachtúla a bhí dúisithe le sé bliana roimhe sin; páirtithe a bhí neartaithe ag forbairtí eagrúcháin, go lárnach agus go logánta, forbairtí abhí daingnithe ag an Acht Leasaithe féin,gan a bhuíochas; páirtithe a raibh tréithe sainiúla sóisialta, eacnamaíochta agus réigiúnda ag baint leo" (N.Gash). Do bharúil faoi seo.

nó

Déan cur síos ar na príomh-athraithe i gcúrsaí eagrúcháin na bPáirtí a lean Acht Leasaithe na bliana 1832.

3. "He is so vain that he wants to figure in history as the settler of all great questions; but a Parliamentary constitution is not favourable to such ambitions; things must be done by parties not be persons using parties as tools..." (Disraeli ag caint faoi Peel, Nollaig 1845). Cad is dóigh leat den mbreithiúnas seo ar Peel mar cheannaire ar Pháirtí ?

4. " Ní féidir a rá gurbh aon ghluaiseacht amháin í an Cairteachas (Chartism), ach scata gluaiseacht. An t-aon éileamh a tharraing na h-eilimintí éagsúla le chéile ná an t-éileamh ar athrú bunúsach polaitiúil bunaithe ar a raibh iarrtha go sonrach ins an 'People's Charter' " (Edward Royle). Do bharúil faoi seo.

5. "An tionchar is mó agus is buaine a bhí ag Disraeli ar dhul chun cinn a Pháirtí ná seo : gur éirigh leis cáil 'an Pháirtí náisiúnta' a shealbhú dá Pháirtí. Ní fhéadfaí a rá go raibh sé sa chinniúint go dtarlódh a leithéid".(R.Blake). Do bharúil faoi seo.

nó

"Thar aon rud eile, is rí-shoiléir anois nach raibh tuairim faoin spéir ag Disraeli faoi thorthaí polaitiúla an Achta a raibh sé féin, cuid mhaith, freagrach as. Bua i dtéarmaí leas a Pháirtí a bhí ann, agus sin uile; bua nach bhféadfaí a chian-thorthaí a mheas ná a thuar go muiníneach roimh ré" (J.K.Walton). Do bharúil faoi seo.

6.Cad iad na beartais eagrúcháin a dhein na príomh-pháirtithe polaitiúla i ndiaidh agus mar thoradh ar an Dara Acht Leasaithe (1867)?

7. "An chonspóid faoi Home Rule sa bhliain 1886, d'fhéadfaí a rá gur mó d'ócáid ná d'údar géarchéime í ag Páirtí Liobrálach Gladstone". Do bharúil faoi seo.

nó

Cén fáth gur braitheadh go fairsing ag deireadh ré Victoria gurbh é an Páirtí Caomhach 'Páirtí díograiseach na h-impireachta' ?

8. "Salisbury might have despised democracy, but he cetainly made it work for the Tories, discovering in the new suburbia and lower middle-classes a whole new area of support for his brand of Tory Unionism. In the course of his career he turned the Party from a disaffected, marginalised pressure group into the popular, natural Party of government" (Andrew Roberts). Do bharúil faoi seo.

9. "Fáisceadh Páirtí an Lucht Oibre as an T.U.C."(E.Bevin). Do bharúil faoi seo.

10. "Faoin mbliain 1901 bhí an chuma ar an scéal go gcinnteodh a chuid achrainn inmheánacha féin go bhfágfaí an Páirtí Liobrálach díbirte ar fad ó láthair na cumhachta, agus go mbeadh tréimhse fhada eile in oifig ag na hAondachtaigh. Ansan, go tobann agus go drámatúil, d'athraigh an scéal" (I.Bulmer-Thomas). Cérbh iad na cúinsí ba tsiocair leis an athrú seo?

nó

Ról Joseph Chamberlain sa ghéarchéim a tháinig ar an Rialtas Caomhach-Aondactach sa tréimhse 1901-1905 a mheas.

11. An ghéarchéim a bhí i ndán don bPáirtí Liobrálach, agus an chaithréim a bhí i ndán do Pháirtí an Lucht Oibre, an raibh a gcomharthaí sóirt le tabhairt faoi deara roimh 1914 ?

12. "Bhí tionchar drámatúil ag an gCéad Chogadh Mór ar staid agus ar chinniúint na bPáirtí Polaitiúil sa Bhreatain". (P.Adelman). Do bharúil faoi seo.

13. "Ón mbliain 1918 i leith fórsa láidir ina cheart féin ab ea Páirtí an Lucht Oibre, é neamhspleách ar Chaomhaigh agus ar Liobrálaigh, agus, go deimhin, é i ngéar-iomaíocht leo". (I.Bulmer-Thomas). Do bharúil faoi seo.

nó

" Siad na blianta seo [1918-24] tréimhse na cinniúna i dturnamh an Pháirtí Liobrálaigh" (P.Adelman). Do bharúil faoi seo.

Appendix: The Liberal Vote

Elections	*Votes*	*MPs elected*	*Candidates*	*Percentage share of total vote*
1906	2,757,883	400	539	49.0
1910 (Jan)	2,880,581	275	516	43.2
1910 (Dec)	2,295,888	272	467	43.9
1918				
Coalition Liberal	1,455,640	133	158	13.5
Independent Liberal	1,298,808	28	253	12.1
1922				
(Lloyd George) Liberal	1,673,240	62	162	11.6
(Asquith) Liberal	2,516,287	54	328	17.5
1923	4,311,147	159	453	29.6
1924	2,928,747	40	340	17.6
1929	5,308,510	59	513	23.4
1931				
Liberal National (Simonites)	809,302	35	41	3.7
Liberal (Samuelites)	1,403,102	33	112	6.5
(Lloyd George) Liberal	106,106	4	7	0.5
1935	1,422,116	21	161	6.4
1945	2,248,226	12	306	9.0

Appendix: The Labour Vote

Elections	*Votes*	*M.P.s elected*	*Candidates*	*% share of total vote*
1900	63,304	2	15	1·8
1906	329,748	30	51	5·9
1910 (Jan.)	505,657	40	78	7·6
1910 (Dec.)	371,772	42	56	7·1
1918	2,385,472	63	388	22·2
1922	4,241,383	142	411	29·5
1923	4,438,508	191	422	30·5
1924	5,489,077	151	512	33·0
1929	8,389,512	288	571	37·1
1931	6,649,630	52	515	30·6
1935	8,325,491	154	552	37·9
1945	11,995,152	393	604	47·8

214. The Chartist demands, 1837

THE SIX POINTS OF THE PEOPLE'S CHARTER

1. A vote for every man twenty one years of age, of sound mind, and not undergoing punishment for crime.

2. THE BALLOT.—To protect the elector in the exercise of his vote.

3. NO PROPERTY QUALIFICATION for members of Parliament—thus enabling the constituencies to return the man of their choice, be he rich or poor.

4. PAYMENT OF MEMBERS, thus enabling an honest tradesman, working man, or other person, to serve a constituency, when taken from his business to attend to the interests of the country.

5. EQUAL CONSTITUENCIES, securing the same amount of representation for the same number of electors,—instead of allowing small constituencies to swamp the votes of larger ones.

6. ANNUAL PARLIAMENTS, thus presenting the most effectual check to bribery and intimidation, since though a constituency might be bought once in seven years (even with the ballot), no purse could buy a constituency (under a system of universal suffrage) in each ensuing twelvemonth; and since members when elected for a year only, would not be able to defy and betray their constituents as now.

Cole and Filson, *British Working Class Movements*, p. 352